

Ceacht 1 Daltaí ag Cinntiú a Spáis Féin



Aidhm an Cheachta

Spás a chruthú inarbh fhéidir leis na daltaí aird a thabhairt ar na buanna ar leith a thugann siad don rang agus inarbh fhéidir leo aontú ar roinnt 'bunphrionsabail' a chuideoidh leo obair le chéile chomh maith agus is féidir.



Beidh na Páistí

Ag foghlaim faoi na bunphrionsabail agus na luachanna a chothaíonn spás sábháilte oibre

Ag cruthú chonradh grúpa a chuirfidh comhoibriú chun cinn



Acmhainní

Taos Súgartha
(*tobán amháin an dalta más féidir*)

Tábla nó spás oibre
(*on the floor will do*)

Páipéar Smeach-chairte

Marcóirí - dath difriúil do gach grúpa
(*Is féidir leis an mhúinteoir súil a choinneáil ar na grúpaí agus plé s'acu ar an bhealach seo*)



Am

Molta

Gníomhaíocht 1: 20 – 30 nóiméad

Gníomhaíocht 2: 20 – 30 nóiméad

Naisc leis an Chreat Foghlama don dalta
Ag foghlaim Scileanna agus Luachanna chun na nithe seo a leanas a shealbhú:

- Litearthacht Mhothúcháinach
- Meiteachognaíocht
- Meon Forbartha: dearcthaí agus aigní



Gníomhaíocht 1

Cuid A

- Tabhair tobán taois shúgartha do gach dalta
- Iarr orthu an taos a mhúnlú i gcruth ar bith is mian leo, ag tabhairt airde ar an chomhdhéanamh, ar an bholadh agus ar aon fhuaim a dhéantar
- Iarr orthu an taos a mhúnlú i gcruth duine
- Abair leo smaoineamh faoi am ar mhothaigh siad bródúil astú féin le linn dóibh a bheith ag múnlú

Noda Plé:

- Cad é mar a mhothaigh sé? Cad é an mothúchán a bhraith siad ag an am?
- Cuir béim ar cheann de na tréithe a bhfuil siad bródúil as - tabhair roinnt samplaí dóibh (m.sh. neart le rud a chríochnú, misneach le labhairt amach, fonn le rud nua a fhoghlaim, cruthaitheacht le rud a dhearadh, comhbhá chun cuidiú le duine i gcruachás.)
****Cuir in iúl dóibh nach gcaithfidh siad na rudaí seo a roinnt leis an ghrúpa. Níl le déanamh ach a machnamh a dhéanamh go ciúin***
- Abair leo smaoineamh faoi thréith uathúil dá gcuid féin a thugann siad don ghrúpa - rud dearfach!
- Mínigh go bhfuil buanna agus tréithe difriúla sa rang agus in amanna, bíonn tuairimí éagsúla ag an rang mar gheall ar an éagsúlacht pearsantachta seo. Mínigh go bhfuil sé tábhachtach áfach, go mbíonn meas ag gach duine ar a chéile
- Iarr orthu cuid de na tréithe seo a roinnt le chéile ina mbeirteanna

Cuid B

- Iarr ar na daltaí an taos súgartha a athmhúnlú i gcruth ar bith is mian leo, ag tabhairt airde ar an chomhdhéanamh, ar an bholadh ar aon fhuaim a dhéantar
- Iarr orthu cruth nó rud ar bith dá rogha féin a mhúnlú
- Agus iad ag múnlú, mínigh dóibh go mbeidh siad ag déanamh rudaí éagsúla sna seachtainí agus míonna le teacht. Beidh siad:
 - ag obair le chéile
 - ag foghlaim le chéile agus
 - ag cruthú le chéile
- Mínigh an tábhacht atá le spás a chruthú ina mothaíonn gach duine sábháilte agus fiúntach
- Mínigh go gcaithfidh siad oibriú le chéile agus aontú ar roinnt bunphrionsabal chun spás mar seo a chruthú
- Iarr orthu cuimhneamh ar na 3 bhunphrionsabal: Meas! Freagracht! Spraoi!

Noda Plé:

- Cad is meas ann agus cad é mar a chuireann muid beart de réir an bhriathair sa seomra ranga?
- Cad is freagracht ann? Cad é mar is féidir linn a bheith freagrach sa seomra ranga?
- Cad é mar a chinntíonn muid go mbíonn spraoi againn agus muid ag obair agus ag foghlaim le chéile mar rang?
- An féidir leat smaoineamh ar bhunphrionsabail ar bith eile a théann leis na 3 cinn atá againn?
- Déan taifead de chuid de na samplaí ar an pháipéar smeach-chairte agus aontaigh conradh ranga
- Mínigh go mbeidh an conradh ranga ar an bhalla agus go ndéanfar tagairt dó i rith ama ar mhaithe le plé, díospóireacht agus comhrá

Gníomhaíocht 2

- Arís eile, larr ar na daltaí an taos súgartha a athmhúnlú i gcruth ar bith is mian leo, ag tabhairt airde ar an chomhdhéanamh, ar an bholadh ar aon fhuaim a dhéantar
- larr orthu an taos a mhúnlú i gcruth deilbhe, dealbh a sheasann do cheann de na bunphrionsabail a bhfuil suim mhór acu ann
- larr orthu labhairt i mbeirteanna faoina ndealbha féin
- larr ar an rang iomlán aontú ar chruth mór dealbhach amháin le húsáid mar shiombail ranga
- Nuair atá an rang ar aon intinn, iarr orthu a ndealbha féin a athmhúnlú agus a gcur le chéile chun siombail an ranga a chruthú.
- Nuair atá an tsiombail déanta, déan cinnte go bhfuil gach duine sásta leis
- Mínigh gur féidir teacht ar ais chuici agus a hathrú ag am ar bith
- Chun an spás a chinntiú, iarr ar gach dalta a lorg ordóige a fhágáil ar an tsiombail - cuirfidh seo a lorg uathúil leis

Chun an tsiombail a chinntiú, bácáil san oigheann é ar feadh 25-30 nóiméad ag teocht íseal